Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo
Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine Maidin 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán.**

**Treoracha**

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis, nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann amháin de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D, E, nó a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.** Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch, nó 2 – Ábhar Neamhbheo, atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Nuair a bhí cónaí ar Claude Monet ina theach feirme in Giverney sa Normainn, bhí a bhailiúchán pearsanta d'ealaín chomhaimseartha – bhí saothair le Renoir, le Manet agus dosaen saothar le Cézanne ina measc – crochta ar bhallaí a sheomra codlata thuas staighre. Bhí a chuid blocphriontaí dathannacha Seapánacha crochta i seomraí ar fud an tí. Dar leis an bpéintéir féin, na radhairc a bhí aige ar a ghairdín dar mhó a chion, óna shalón agus óna sheomra codlata, bhí siad inchurtha leis na sárshaothair ealaíne a bhí istigh. Ceapann cuairteoirí an lae inniu gurb amhlaidh fós é.

Tá sé ina bhlár dallraitheach dathanna os comhair do shúl i ngairdín na mbláthanna, ar ar thug Monet Le Clos Normand. Ag brath ar an séasúr, san áireamh sa chailéideascóp de na céadta dath, tá goirmíní agus crócais, sailchuacha agus lusanna míonla, nóiníní agus anamóiní, tiúilipí, poipíní agus piainí, criosantamaim, gathanna de lusanna na mban sí agus srubha lao, glaidiólais buacach ard agus hocais ghairdín. Tá pósaetha simplí na tuaithe agus bláthanna neamhchoitianta coimhthíocha ag teacht le chéile in oiriúntas for-ordaithe dathanna sa ghairdín.

San Earrach, bíonn crainn silíní mhaisiúla Sheapánacha, crainn úll agus aibreog, trom faoi bhláth.

Sa samhradh, fásann gleoráin go rábach ar feadh chabhsa an *allée* láir ina nglóir órga agus flanndearg, dreapann rósanna thar stuanna nó – cosúil leis an dreapaire ab ansa le Monet, an rós buí *Rosa 'Mermaid'* – síneann siad suas na ballaí go dtí fuinneog a sheomra codlata ag cumhrú an aeir lena mboladh meisciúil.

San fhómhar, bíonn an duilliúr caordhearg agus sa cheartlár bíonn dáilianna dearga agus flannbhuí, astair chorcairghorma, agus lusanna gréine chomh mór le sásair.

Tá cosáin ag sní timpeall na gcuar cámasach ar dhá linn uisce, thar dhosanna bambú agus faoi chrainn sailí silte. Ar na bruacha tá ródaideandróin, asáilianna, rósanna dreaptha agus piainí móra curtha. San fhómhar, bíonn luisne órga ar na toim agus ar na linnte faoi sholas na gréine agus í ag dul faoi.

Arna chóiriú as *How Monet's Garden Grew* le Jean Bond Rafferty

## Sliocht B

Táimid ag eitilt amach thar uiscí airgeadúla Chuan na Gaillimhe go hInis Meáin, ceann de na trí oileán fhada, ísle, scoite ar a dtugtar Oileáin Árann agus atá suite 10 míle amach san fharraige. Na 'trí chloch chora amach as an Eoraip' a thug Seamus Heaney orthu. Tá tarraingteacht bhuan aislingeach ag na spotaí beaga seo de charraig liath, lom, shíonbhuailte. A suíomh scoite geografach, a dtírdhreacha creagacha agus a n-áilleacht sceirdiúil, chomh maith lena dtábhacht mar dhúnfoirt sheasta na Gaeilge agus an chultúir Ghaelaigh is cionsiocair leis sin. Ar na hoileáin seo tá cathair ghríobháin de bhallaí arda a rinneadh go mionsaothraithe de chlocha singile chun paistí beaga foscúla talún a chur ar fáil do stoic agus do bharra. Tógadh iad mar a bheadh gréas lása ann le ligean do ghaotha ropánta an Atlantaigh séideadh díreach tríothu. Tá a shainsraith féin de chruthanna agus de phatrúin ag gach balla maorga aolchloiche, ar nós fhí na ngeansaithe Árannacha, a chuireann ar do chumas an clochadóir a aithint go héasca.

Is oileáin fosta iad de lánaí lúbacha, de dhuirlingí stoirme, d'aillte mara, de longa báite, de sholas gealánach frithchaiteach. Agus an sméar mhullaigh ar fad, na lochtáin leathana ghlioscarnacha d'aolchloch ghlas agus na pábhálacha atá roinnte ag scailpeanna cúnga doimhne a bpéacann iontu san earrach plandaí bláthacha atá suaithinseacha neamhchoitianta crua. Ar Árainn féin, Inis Mór, an t-oileán is mó díobh, atá Dún Aonghasa, dún iontach, leathchiorclach, réamhstairiúil atá suite go géarchrochta ar aill ingearach atá 300 troigh ar airde. Cuireadh síos air uair amháin mar 'an séadchomhartha barbartha is mó ollás san Eoraip'.
Cuireann na bialanna breátha béilí ar fáil de chomhábhair atá ar fáil ar an oileán den chuid is mó.
Na hiascairí áitiúla sna curacha, báid iascaireachta traidisiúnta an oileáin, a bheireann ar na gliomaigh agus ar na portáin. Is sa bhaile a fhásann úinéirí geanúla, tallannacha, taithíocha an óstáin cuid mhór den fheoil, de na glasraí, de na torthaí, den lusra agus de na sailéid.
Arna chóiriú as *Aran Islands: a rock and a soft place* le Philip Watson

## Sliocht C

Mar sin, ní dhéanaim ach féachaint orthu le linn do Phádraigín cupáin tae a bhrúigh ar Sheán agus boscaí de ghrianghraif a dhoirteadh amach dó tar éis na scoile, rámhaille chainte aici faoinár sinsir amhail is a bhí *aithne* aici orthu nó rud éigin mar sin nó amhail is a chuirfí spéis *dá laghad* sna rudaí a rinne siad.
Tugann sí a bhricfeasta síos go dtí a sheomra codlata maidineacha áirithe fiú amháin. Déanann sí a bealach go mórchúiseach tríd an halla, tráidire clingeach ar iompar aici agus saothar dathannach ailtireachta de bhia leagtha amach air. Tá babhla stríocach d'arbhar air, léas de shú oráiste, triantáin tósta atá tais le him agus cruinneachán uibhe ag éirí os a gcionn uilig. Breathnaím air sin ó bharr an staighre, dallcheo orm agus mé ag siúl go tromchosach go dtí an seomra folctha.
Ní heol dom mórán faoin a bhfuil acu i Meiriceá, ach tá a fhios agam cén rud nach bhfuil acu ó na pictiúir a thógann Seán lena cheamara. Níl teachíní leacaithe acu a bhfuil bláthanna ag fás aníos as a ndíonta ná lánaí a mbíonn línte fada caonaigh ag dathú a lár. Ní bhíonn aimsir acu atá bunoscionn, scamaill a éiríonn ón talamh agus a fhásann aníos i gceonna a dhoiléiríonn an taobh tíre mar a bheadh sé i síscéal. Agus ní bhíonn mamónna acu, bhuel, cosúil le Mamó – mamónna a chaitheann sciortaí ramhra olann agus bróga tiubha ceangailte suas go dtí na rúitíní orthu.
Is ábhar iontais ag Seán í Mamó, chomh *fíor* is atá sí. Feicim é ag faire uirthi sna tráthnónta, é ag tabhairt suntais do chúlacha agus do ghága a héadain, d'fhadharcáin a cos agus do na féitheoga a shníonn ar a mbealaí gorma amach trí loinnir a riteog.
Ach is é an stair an rud is ansa le Seán faoi Éirinn. Is breá leis an tragóid a bhaineann léi, na rudaí go léir ar dhóbair dóibh titim amach.
Arna chóiriú as *Sightseeing in Louth* le Bernadette M. Smyth

## Sliocht D

Is beag spás atá agam le bogadh. Tá seid an ghairdín líon lán le seanchannaí péinte, cathaoireacha paitió atá briste agus giotaí casta de mhiotal meirgeach. Ceardlann Dhaid a bhíodh ann. Bhíodh 'clinic' rothar aige anseo ag an deireadh seachtaine sa samhradh agus sa gheimhreadh dhéanadh sé troscán. Níor spéis liom riamh a bheith ag cuidiú leis nuair a bhí mé i mo pháiste ach anois ó d'fhill mé agus ó fuair mé a rothar agus é i ngá deisiúcháin, bheartaigh mé tabhairt faoi mar thionscadal. Tá na páirteanna gan mhaith bainte de agam agus an smearadh glanta den fhráma. Tá creach déanta agam ar bhoscaí na bpáirteanna spártha ar sheilfeanna na seide agus ar shiopa rothar Roibeard Mhic Craith i mBaile Brigín. Ina suí anois i mbosca le hais an dorais tá diallait nua leathair, seit de mhoil chróim, gléas cinn agus stoc de chruach scuabtha. Ann fosta tá luamháin thiubha choscán, cailpéir chróim agus an chóir shlabhra ba dhaoire ab acmhainn dom a cheannach. Tá an t-iomlán ag fanacht go gcríochnaí mé suiteáil an chnó réaltaigh.

Luascaim an casúr – *poc!* – agus airím creathadh taitneamhach i gcaol mo láimhe, ach nuair a chrochaim an t-adhmad titeann an cnó ar an urlár agus rollann sé go luíonn sé ag mo shála. Eagraím gach rud agus luascaim an casúr arís, ach ní aimsím lár an adhmaid an tráth seo agus leabaím an cnó ar uillinn. Nuair a dhéanaim iarracht é a tharraingt amach arís, briseann sé ina phíosaí i gcrúba an chasúir.

Sáim isteach mó mhéara á lorg ach ní dhéanaim ach iad a ghearradh. Leagaim an rothar i gcoinne an bhalla agus mé ag eascainí liom, ach de bharr nach bhfuil rud ar bith boltáilte titeann na rothaí deiridh de agus tugann an fráma uaidh de chleatar. Seasaim scaitheamh ag sú mo mhéar agus ag féachaint ar a bhfuil déanta agam. Ansin piocaim amach mo bhealach suas tríd an ghairdín go dtí an teach.

Arna chóiriú as *A Man Should Be Able to Do Things* le Andrew Fox

## Sliocht E

Spréigh eireaball an chóiméid amach thar an maidneachan, ina slais dhearg ag fuiliú os cionn chrága Dragonstone mar a bheadh créacht sa spéir bhándearg agus chorcra. Sheas an máistir ar an mbalcóin in aghaidh na sceirde taobh amuigh dá sheomraí. Anseo a tháinig na fiacha dubha i ndiaidh eitilt fhada. Bhí geargáil ar a dhá thaobh, ifreannach agus vuibhearn, iad dhá throigh déag an airde, dhá cheann den mhíle geargáil a bhí ag goraíocht os cionn bhallaí an dúin ársa. Bhí siad breac le salachar na bhfiach dubh. Nuair a tháinig sé go Dragonstone den chéad uair chuir an t-arm d'arrachtaí cloiche míshuaimhneas air ach d'éirigh sé cleachtach orthu de réir mar a chuaigh na blianta thart. Mar sheanchairde a d'fhéach sé orthu anois. Bhí tubaiste á tuar don triúr acu agus iad ag grinniú na spéire le chéile.

Níor ghéill an máistir do na tuair. Agus fós …. dá aosta dá raibh sé, ní fhaca Cressen cóiméad riamh a bhí leath chomh geal leis seo, ná fós ceann den dath sin, an dath uafásach sin, dath na fola, dath lasracha agus dath luí na gréine. An bhfaca na geargáilí a leithéid cheana? an smaoineamh a bhí ina cheann. Bhí siad sin anseo i bhfad níos faide ná eisean, agus bheidís fós anseo i bhfad ina dhiaidh. Dá dtiocfadh le teangacha cloiche labhairt … *A leithéid d'amaidí*. Lig sé é féin siar leis an bhforbhalla, an fharraige ag tuairteáil thíos faoi, an chloch dhubh garbh faoina mhéara.

Arna chóiriú as *A Clash of Kings* le George R. R. Martin

**Leathanach Bán**

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012**

# EALAÍN

## Dearadh

## Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** obair ealaíne réamhullmhaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

### Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ba chóir an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis, íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

### Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **fhorbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid, iad daite más mian leat. Caillfear marcanna má dhéanann tú cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

### Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceiste a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a bhfuil bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

Do bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**

Do bhileog A2 de **Réamhsceitsí**

**Do Mholadh Dearaidh Deireanach**

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Tá Basár Mór Iostanbúl ina *cornucopia* de dhathanna, d'fhuaimeanna agus de bholaithe. Is féidir beagnach rud ar bith a cheannach ann: cótaí, seaicéid agus buataisí a dhéantar de réir d'ordaithe féin, sciortaí háraim, léinte agus scaifeanna agus coirníní orthu, rugaí Turcacha, seodra práis, óir agus airgid agus saothair ealaíne nach bhfuil chomh healaíonta sin. Níl deireadh leis an liosta, ar nós hallaí fada an bhasáir é féin. Chuaigh mé ag spaisteoireacht trí na hallaí stuacha sa chathair ghríobháin de Bhasár Mór, ag dul thar na stallaí cairpéad ach ag stopadh don chaife saibhir glárach agus don tae úll. Chuir bolaithe an mhargaidh ocras orm. Bhí stallaí bídeacha slachtmhara ann ar nós boscaí seodra agus iad ag glioscarnach, lán de rudaí galánta a d'fhéadfaí a bhailiú, coinneálaithe seanda toitíní déanta as ómra agus clocha lómhara eile, cuir i gcás, éadaí ornáidithe, gloine agus seodra. Ach bí cúramach; bíonn margaíocht le déanamh toisc go bhféadfadh na praghsanna a bheith ard agus ní i gcónaí a bhíonn na hearraí mar a fhógraítear iad. Cheannaigh mé péire d'fháinní cluaise óir a rinne mo chluasa pollta a ionfhabhtú an chéad uair a chuir mé orm iad.

Ní dóigh liom go bhfuil áit ar bith eile ar domhan a bhfuil an stair chomh saibhir agus chomh gríosaitheach aige is atá ag Iostanbúl. Cuairt amháin ar an Mosc Gorm, ar Hagia Sophia nó ar Phálás Topkapi agus imeoidh do shamhlaíocht fiáin. Conas a mhothaigh sé a bheith ar dhuine den iliomad bean chéile a bhí ag an sabhdán? Bhí a seomra féin ag gach duine acu, agus bhí príomhdhath éagsúil i ngach aon seomra díobh. Thosaigh mé ag Sistéal na Baislice, ionad stórála uisce faoin talamh a bhfuil achar 10,000 troigh chearnach ann agus colúin mharmair. Sa séú haois A.D. a tógadh é. Téann an chuid is mó de na turasóirí díreach chuig cloigeann an Mheadúsa bunoscionn a iompraíonn colún amháin díobh, ach bhí mé féin faoi gheasa ag áilleacht chodach na síleálacha boghtacha brící, agus ag na buachaillí óga gléasta mar ríthe, agus corónacha agus slata ríoga acu. Bhí siad 6 bliana d'aois; ba rud speisialta acu an t-éide roimh an deasghnáth aistrithe saoil an mhaidin dár gcionn. Thug mé aghaidh ar an Mosc Gorm ansin, mosc ón 17ú haois. Níor bhreathnaigh sé chomh gorm sin ón taobh amuigh, ach taobh istigh tá tuairim is 20,000 tíl ar na ballaí, a mbunús gorm.

Athchóirithe as *A Cruise Through the Ages* le Dian Vujovich, Palm Beach Life, Earrach, 2005

## Sliocht B

"Mí Lúnasa seo caite, phlódaigh 6166 duine isteach ar thrá Hastings in Sussex Thoir. Bhí an grúpa mór éagsúil seo – idir fhir, mhná agus pháistí – gléasta go haisteach, paistí súile agus bandánaí orthu, agus hataí ar a raibh blaosc agus croschnámha. Bhí pearóid agus muscaed meirgeach le feiceáil anseo is ansiúd freisin. Bhí sé beartaithe curiarracht a bhaint amach agus a bheith sa Guinness Book of Records as an líon ba mhó píoráidí a bailíodh le chéile riamh in aon áit amháin. D'éirigh leo sin a bhaint amach go héasca, agus bhris siad an churiarracht a bhí ann go dtí sin (1,800 duine sa Ghearmáin).

Ar 1 Iúil na bliana seo, tá súil ag muintir Phort Láirge curiarracht mhuintir Hastings a bhriseadh ina smidiríní. Tá súil acu an líon is mó de phíoráidí éadrócaireacha, d'fhoghlaithe mara agus de mhairnéalaigh fhiáine a chonacthas riamh an taobh seo de Phíoráidí Mhuir Chairib a bhailiú le chéile. Tá siad ag áitiú ar aon daoine, óg nó aosta, ar mhian leis riamh a bheith ina Long John Silver nó ina Gráinne Ní Mháille teacht agus gléasadh mar na carachtair sin, 'shiver me timbers!' a scairteadh, rabhcáin mharaí a rá ('on a dead man's chest' más féidir) agus ciste a chur i dtalamh. Ní mór a bheith gléasta mar a bheadh píoráid ann (ní leor "aarr Jim lad" a bhéiceadh amach anois is arís).

Le bheith oifigiúil, beidh ar na píoráidí uile T-léine bhán nó stríocach a chaitheamh chomh maith le bríste gearr nó bríste atá fillte suas, agus scaif nó hata píoráid. Tabharfar paiste súile saor in aisce do gach duine a ghlacfaidh páirt agus suaitheantas atá urraithe ag Britvic (de réir dealraimh tá dúil ag na fíorphíoráidí sna deochanna boga) sula bhfágann siad Sráid Bolton. Agus iad ag imeacht as an gcarrchlós, déanfar na píoráidí a chomhaireamh sula dtéann siad i dtreo na gcéanna áit a rachaidh siad ar bord na long ard a bheidh ar cuairt chun 'an fhoghail' a dhéanamh.

Chun an giúmar ceart a chur ar an bparáid seo d'fhir is de mhná agus de pháistí uafásacha beidh Kolbotn-Garden, banna ceoil ón Iorua a bhfuil 40 duine ann, agus grúpa a chanann rabhcáin mharaí, ag seinm agus ag ceol agus iad ag teacht isteach sa chalafort. Seo libh, mar sin, a chairde na cúise a bhí ag iarraidh riamh a bheith in bhur píoráidí ón Muir Chairib. Tá bhur gcathair ag brath oraibh."

Athchóirithe as *Pirates of the Suir* le Donal O'Donoghue, *RTE Guide*, Meitheamh 2011

## Sliocht C

"… Ó cruthaíodh ar dtús iad, is siombail iad na carranna don eachtraíocht, fiú i dtír bheag bhídeach cosúil leis an tír seo. Ach ní gá duit a bheith ar nós Steve McQueen i Mustang nó duine atá ag iarraidh a bheith ina thiománaí railí chun taitneamh a bhaint as an bpléisiúr atá sa tiomáint.

Cibé acu atá tú ag tiomáint ar do shuaimhneas trí Bhoirinn i gcarr cúlhaiste an teaghlaigh, ag leanúint treoracha agus ag tiomáint trí na Cruacha Dubha, i do sheanduine i do shuí go ciúin sa charr cois trá le do pháirtí ag ithe ceapairí banana agus ag léamh nuachtáin an Domhnaigh, nó i do dhuine mar chách ag filleadh abhaile an bealach fada chun sásamh a bhaint as nóiméad leat féin agus le do chuid smaointe, is féidir leat blaiseadh de mhothú seanársa sin na saoirse a eascraíonn as an each-chumhacht.

Faraor, níl an tiomáint chomh tarraingteach sin a thuilleadh do chuid mhór tiománaithe sa lá atá inniu ann. Is mó de dhrochrud anois é nach mór dúinn a dhéanamh. Dá mbeifeá gan charr anois ní bheadh de rogha agat ach fanacht sa bhaile ag screadach ar an gcat.

Níl sé deacair an chúis leis seo a dhéanamh amach. Agus praghsanna breosla chomh hard sin, an brú tráchta ag maolú ár meanman agus na héicealaochra ag tabhairt orainn mothú ciontach toisc nach dtéimid timpeall ag rothaíocht ar rothair déanta as málaí bruscair athchúrsáilte, tá aoibhneas na tiomána caillte anois ag formhór na dtiománaithe.

Go pearsanta, is beag rud is fearr liom ná mo pháistí, agus iad ag ciceáil agus ag screadach, a chaitheamh isteach i gcúl mo chairr chlasaicigh atá 36 bliana d'aois, agus dul ag cúrsáil go fánach, ag casadh síos lánaí ansiúd is anseo faoin tuath agus ag taispeáint fálta suimiúla do mo lucht féachana nach bhfuil ábalta éalú. Cé go mbíonn siad ag gearán, socraíonn siad síos de réir a chéile, agus bíonn siad sásta in airde ansin sa chúl ag breathnú amach go brionglóideach tríd an ngloine ollmhór leathan a ligeann dóibh a mhothú go bhfuil siad ag tiomáint timpeall i ngrianán, cé go bhfuil sé chomh meirgeach le fáinní sine Phoiséadóin.

Tá súil agam go mbeidh cuimhní maoithneacha taitneamhacha acu ar ár dturais bheaga nuair a bheidh siad ina seanóirí cumhúla mar atáim féin anois, díreach mar is cuimhin liom féin na huaireanta sonasacha a chaith mé le linn m'óige i bun an rud ceannann céanna le mo Dhaid. Bhíodh mo dheirfiúr agus mé féin ag preabadh timpeall an toilg ollmhóir inséidte veiliúir a bhí mar shuíochán cúil sa charr, ag crónán amhráin de chuid Johnny Cash agus ag mothú ar nós réaltaí móra, cé go gcríochnóimis de ghnáth inár suí i linn de líomanáid dhearg TK agus de *Gollybars* leáite.

Agus an saol nua-aimseartha in Éirinn ag éirí i bhfad níos strusmhaire, tá sé tábhachtach cuimhneamh air gurb iad na haoibhnis shimplí seo a choinníonn beo sinn. Mar a dúirt an saoi mór úd Ferris Bueller, leanann an saol ar aghaidh sách tapa. Mura stopann tú agus breathnú thart anois is arís, d'fhéadfadh sé imeacht gan fhios duit.

Mar sin, an chéad uair eile a bheidh cúpla uair an chloig le spáráil agat, roghnaigh bealach fánach, léim isteach sa charr agus imigh leat. Seans gur smaoineamh craiceáilte é, dar leat. Ach bain triail as. B'fhéidir go mbainfeá taitneamh as."

Athchóirithe as *Bob Montgomery's Great Drives Around Ireland - All Eyes on the Road* le Kilian Doyle, *The Irish Times*, Iúil 2011

## Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:

### 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Déan dearadh do cheann díobh seo a leanas:

(a) Póstaer ag tabhairt cuireadh do thurasóirí chuig an "Basár Mór", bunaithe ar Shliocht A
(b) Scrolla maisiúil ag comóradh "Píoráidí Phort Láirge", bunaithe ar Shliocht B
(c) Léarscáil mhaisiúil do thurasóirí, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Radharc a léiríonn íomhánna Iostanbúl, bunaithe ar Shliocht A
(b) Léaráid a fhógraíonn Cuairt na Long Ard ar Phort Láirge, bunaithe ar Shliocht B
(c) Léaráid faoi charranna nó faoi thurais, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta a úsáideann **trí dhath ar a mhéad**. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

### 3. Fabraicphriontáil agus Baitíc

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Scaif mhaisiúil bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A
(b) Athphatrún a bheadh oiriúnach d'fhabraic i gcomhair aon duine de na píoráidí i Sliocht B
(c) Taipéis bhalla nó athphatrún bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil le stionsal. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 4. Bróidnéireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Scaif bhróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A

(b) Cafarr bróidnithe a chaithfeadh píoráid ar a chloigeann, bunaithe ar Shliocht B

(c) Painéal bróidnithe bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir duit eolas a thabhairt faoi na hábhair a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh.

Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 5. Fíodóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ruga urláir bunaithe ar na híomhánna i Sliocht A

(b) Clúdach cúisín do chábán na bpíoráidí, bunaithe ar Shliocht B

(c) Painéal bunaithe ar na híomhánna i Sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

## 6. Criadóireacht

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bosca rilífe ísle glónraithe bunaithe ar Shliocht A

(b) Painéal rilífe ag comóradh na Píoráidí Phort Láirge i Sliocht B

(c) Trinsiúr bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadracht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Sabhdán, bunaithe ar Shliocht A

(b) Píoráid, bunaithe ar Shliocht B

(c) Carachtar ar bith as Sliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán le hearraí cuimhneacháin ó thuras go hIostanbúl a choimeád ann, bunaithe ar Shliocht A

(b) Clúdach leabhair dar teideal "Píoráidí Phort Láirge", bunaithe ar Shliocht B

(c) Comhad bosca le léarscáileanna de bhealaí scéimhe in Éirinn a choimeád ann, bunaithe ar Shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ní mór duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Mála siopadóireachta páipéir ina gcoimeádfaí cuimhneacháin ó thuras go hIostanbúl, bunaithe ar Shliocht A

(b) Taispeántas clár fógraí do "Lá na bPíoráidí" i bPort Láirge, bunaithe ar Shliocht B

(c) Bróisiúr do "Bealaí Scéimhe in Éirinn", bunaithe ar Shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht saorsheasaimh bunaithe ar Shliocht A

(b) Trófaí a bhronnfar ar "An Píoráid is fearr Feisteas", bunaithe ar Shliocht B

(c) Dealbhóireacht saorsheasaimh le lonnú ar bhealach scéimhe, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse do dhráma bunaithe ar an mBasár Mór a bhfuil cur síos air i Sliocht A

(b) Seit stáitse bunaithe ar eachtraí píoráidí, bunaithe ar Shliocht B

(c) Taispeántas fuinneoige in oifig thurasóireachta ina bhfuil laethanta saoire tiomána in Éirinn á gcur chun cinn, bunaithe ar Shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus maisíochtaí solais / frapaí. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2012**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain, 30 Aibreán – Dé hAoine, 11 Bealtaine**
**Tráthnóna 2.00 – 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 17 Aibreán**

### Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Ní mór don chuspa seaicéad a bhfuil pócaí ann a chaitheamh.**

**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cathaoir agus iris don dara staidiúir.**

Beidh cead ag an gcuspa idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad mar a iarrtar iad. Cuirtear na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.**
30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt.
Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa.
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Is féidir leat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

**(a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad** (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus***

- na cosa go daingean ar an talamh
- an chos dheas beagán chun tosaigh, meáchan an choirp anuas ar an gcos chlé
- na lámha i bpócaí an tseaicéid
- an cloigeann tiontaithe beagán ar clé.

**(b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad** (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus***

- na cosa go daingean ar an talamh agus dírithe chun tosaigh
- an iris oscailte ar a g(h)lúine
- greim ag na lámha ar an iris agus na hordóga le feiceáil
- an cloigeann ag féachaint síos ag léamh na hirise.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2012

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 14 Meitheamh Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do ***na léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Tá sampla de shnoíodóireacht chloiche ón tréimhse réamh-Chríostaí ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an chloch.
(b) Déan cur síos agus plé ar a cuid maisiúcháin.
(c) Ainmnigh saothar eile ón tréimhse seo a rinneadh as cloch nó as miotal.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Is cineál earra miotail ón gCré-umhaois é an luanla, atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh é.
(c) Déan cur síos ar na teicníochtaí a úsáideadh chun é a mhaisiú.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tá ceann de na seoda Éireannacha is cáiliúla ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar agus déan cur síos ar a fheidhm.
(b) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh é.
(c) Déan cur síos agus plé ar a chuid maisiúcháin.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Scríobh faoi theach baile mhóir de do rogha féin ón tréimhse Sheoirseach.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an teach baile mhóir nó an tsráid ina bhfuil sé lonnaithe.
(b) Déan cur síos ar an taobh istigh agus ar an taobh amuigh den teach baile mhóir atá roghnaithe agat.
(c) Déan cur síos mion ar ghné amháin den taobh amuigh.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá "**Snámh na Life"** le Jack B. Yeats (1871-1957) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cad is ábhar don phictiúr seo, dar leat?
(b) Déan cur síos ar chomhdhéanamh agus ar stíl an phictiúir.
(c) Ainmnigh pictiúr amháin eile le Jack B. Yeats agus déan cur síos achomair ar an bpictiúr sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá "**Mná Bhéal Feirste"** le F.E. McWilliam (1909-1992) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Cad is ábhar don phíosa dealbhóireachta seo, dar leat?

(b) Déan cur síos ar chomhdhéanamh agus ar stíl an phíosa dealbhóireachta seo.

(c) Ainmnigh sampla amháin eile den dealbhóireacht fhíorach a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh saothar le duine **amháin** de na healaíontóirí seo a leanas agus ainmnigh an saothar: Evie Hone, Louis le Brocquy, Martin Gale, Jim Fitzpatrick.

(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(c) Tabhair roinnt eolais mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

# ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000AD – An Lá Inniu)

**8.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh eaglais Rómhánúil a ndearna tú staidéar uirthi agus déan cur síos uirthi faoi na ceannteidil seo a leanas:

- plean iomlán
- gnéithe taobh amuigh agus taobh istigh.

(b) Déan cur síos achomair ar shampla amháin den dealbhóireacht Rómhánúil a ndearna tú staidéar air.

*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Tá "**Póg Iúdáis"** le Giotto (c.1266-1337) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna)
- peirspictíocht.

(b) Ainmnigh ealaíontóir amháin eile ón tréimhse seo agus déan plé achomair air/uirthi.

*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh saothar amháin de do rogha féin le Michelangelo (1475-1564) agus déan cur síos agus plé ar an saothar sin.

(b) Tabhair cuntas achomair ar shaothar Michelangelo go ginearálta.

*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b)

**"Primavera"** le Botticelli (1445-1510)

**"An Mona Lisa"** le Leonardo da Vinci (1452-1519)

**"Pósadh Arnolfini"** le Jan van Eyck (a d'éag 1441)

**"Les Demoiselles d'Avignon"** le Pablo Picasso (1881-1973).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar atá roghnaithe agat faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar/téama
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl.

(b) Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir atá roghnaithe agat, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Tá "**Féinphortráid le Bindealán Cluaise"** le Vincent van Gogh (1853-1890) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl.

(b) Ainmnigh pictiúr amháin eile le van Gogh, agus déan cur síos agus plé achomair ar an bpictiúr sin.

*Léirigh do fhreagra*.

**13.** Roghnaigh saothar ar bith le Edvard Munch (1863-1944) a ndearna tú staidéar air.

Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh an saothar atá roghnaithe agat, agus déan cur síos agus plé air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus stíl.

(b) Conas a léiríonn Munch mothúcháin ina shaothar, dar leat?

*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Tá "**Tógáil Bhog le Pónairí Beirithe"** le Salvador Dali (1904-1989) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Cén bhrí atá Dali ag iarraidh a chur in iúl sa saothar seo dá chuid, dar leat?
(b) Déan cur síos agus plé ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna)
- stíl.

*Léirigh do fhreagra.*

# ROINN III – Léirthuiscint na hEalaíne

**15.** Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar fhógra teilifíse atá suimiúil, dar leat. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas i do fhreagra:
- spriocmhargadh
- smaoineamh
- teicníocht a úsáidtear chun aird an luchta féachana a tharraingt.

(b) Déan cur síos gairid ar an gcaoi a dtabharfá faoi fhógra teilifíse a chruthú le haghaidh seampú sóchais nó le haghaidh ócáid spóirt.
*Léirigh do fhreagra.*

**16.** Freagair (a) agus (b).
(a) Ainmnigh gailearaí **nó** músaem **nó** ionad léirmhíniúcháin ar thug tú cuairt air agus déan cur síos ar dhá thaispeántán a bhí suimiúil, dar leat, agus mínigh cén fáth.
(b) Déan cur síos ar an gcaoi a rachadh do chuairt i bhfeidhm ort agus taispeántas saothair ealaíne á phleanáil agat i do scoil féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Rinneadh an bréagán atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** a dhearadh chun páiste óg a spreagadh.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar thréithe an bhréagáin seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- dearadh iomlán agus sábháilteacht
- bunábhair
- dath(anna)
- uigeacht.

(b) Cad iad na tréithe a lorgófá i ndearadh bréagáin le haghaidh linbh i gcliabhán.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is minic a chuireann ionaid mhiondíola málaí siopadóireachta tarraingteacha ar fáil dá gcustaiméirí.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na tréithe dearaidh a bhaineann le mála suntasach tarraingteach. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- cruth/stíl
- íomhánna
- dath(anna)
- litreoireacht.

(b) Mol dearadh le haghaidh mála siopadóireachta do cheann amháin de na hionaid mhiondíola seo a leanas:
- siopa poitigéara
- siopa torthaí agus glasraí
- siopa earraí leictreachais.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is tearmann nó díseart do chuid mhór daoine an tseid ag bun an ghairdín.

Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na hoiriúintí a bheadh ag teastáil chun seid sa ghairdín a athchóiriú do cheann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas:
- ceol
- caitheamh aimsire de do rogha féin
- "nead" do dhéagóirí.

(b) Déan sceitse mionsonraithe de do phlean agus bíodh tagairt agat don fheidhm, don solas, don spás urláir agus do na fearais.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar na bealaí ina mbíonn baint ag dath agus stíl na gruaige ar fhir agus ar mhná le "ráiteas faisin" a dhéanamh.

(b) Mol dearadh le haghaidh stíl ghruaige a chuirfeadh le culaith déagóra do cheann amháin díobh seo a leanas:
- agallamh do phost
- cóisir bhréigéide
- ceolchoirm
- rince mór *debs*.

*Léirigh do fhreagra.*

**21.** Tá raon leathan grúpaí agus eagraíochtaí ann a bhfuil meirgí agus suaitheantais acu. Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos agus plé ar dhá shampla ar bith atá suimiúil, dar leat, faoi na ceannteidil seo a leanas:

- cruth
- oiriúnacht an dearaidh
- íomhánna
- dath(anna).

(b) Mol dearadh do mheirge nó do shuaitheantas a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

- cumann drámaíochta
- cumann diantiomána
- cumann iascaireachta
- ionad gleacaíochta.

*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán